COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2013 (12.07)
(OR. en)

9325/13

DEVGEN 113
COHAFA 52
FAO 22
ACP 64
COAFR 141
PROCIV 53
RELEX 370
FIN 250

NÓTA

Ó	Ardrúnaíocht na Comhairle
Chuig:	Na Toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle ar Chur Chuige AE i leith na hAthléimneachta

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle an 27-28 Bealtaine 2013, ghlac sí na Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Conclúidí ón gComhairle ar Chur Chuige AE i leith na hAthléimneachta

Réamhrá

1. Aithníonn an Chomhairle, go gcuirtear go mór le leibhéil arda leochaileachta le héifeachtaí ainsealacha na bochtaineachta i mórán comhthéacsanna agus go ndéantar an leochaileacht a mhéadú leis an mbochtaineacht féin. Le blianta beaga anuas, tháinig méadú ar a mhinice is a tharlaíonn tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine, lena n-áirítear tubaistí a bhaineann le coinbhleachtaí, agus tháinig méadú ar dhéine na dtubaistí sin freisin, a mbíonn tionchar acu ar dhaoine bochta go háirithe. Is dealraitheach go leanfar leis an treocht sin nuair a áirítear an tionchar a ghabhann leis an athrú aeráide agus leis na tosca eile lena ngéaraítear an bhochtaineacht, an tsobhristeacht agus an leochaileacht.

2. Sa chomhthéacs sin, tuigtear go gciallaítear le hathléimneacht cumas an duine aonair, cumas teaghlaigh, cumas comhphobail, cumas tíre nó réigiúin iad féin a ullmhú do strus agus do shuaitheadh agus go mbeidh siad in ann na nithe siad a sheasamh, iad féin a chur in oiriúint dóibh agus teacht slán astu go gasta gan ionchais fhadtéarmacha maidir le forbairt a chur i mbaol. Leis an gcur chuige nua maidir le hathléimneacht a chothú, cuirtear deis ar fáil chun idirphlé polaitiúil, obair dhaonnúil agus obair fhorbartha agus tosaíochtaí a thabhairt le chéile i gcur chuige cuimsitheach, comhleanúnach agus éifeachtach chun torthaí níos fearr a bhaint amach ar an láthair. Ní hamháin go laghdaítear fulaingt agus líon na ndaoine a fhaigheann bás trí athléimneacht a chothú, ach tá sé níos éifeachtaí ó thaobh costais freisin.

3. In éadan an chúlra sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Cur Chuige AE i leith na hAthléimneachta: Ag Foghlaim de bharr Géarchéimeanna a bhaineann le Slándáil Bia'[1] lena ndírítear ar shaincheisteanna a bhaineann le slándáil bia agus lena ndéantar moltaí maidir leis an mbealach ina bhféadfaidh AE agus a Bhallstáit oibriú lena chéile go córasach chun cabhrú dul i ngleic le leochaileacht ainsealach agus le riosca ar bhealach níos éifeachtaí, níos éifeachtúlaí agus níos comhordaithe. Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le díriú ar ghéarchéimeanna maidir le slándáil bia, cuirtear béim sa Teachtaireacht freisin ar dheitéarmanaint eile leochaileachta, lena n-airítear an choinbhleacht, an neamhdhiongbháilteacht, an rialachas lag daonlathach, an suaitheadh eacnamaíoch, guaiseacha nádúrtha agus an tionchar méadaitheach a ghabhann leis an athrú aeráide.

[1] 14616/12.

4. Tá nasc láidir ag an Teachtaireacht seo le Teachtaireachtaí agus le Conclúidí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo, go háirithe na cinn maidir leis an *gClár Oibre le haghaidh Athrú*[2]. Agus an cineálcothrománach agus uileghabhálach a bhaineann le hathléimneacht á chur san áireamh, cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé naisc shoiléire a áirithiú leis na doiciméid bheartais, na creataí agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le hábhar agus atá ann cheana agus a bheidh ag teacht chun cinn[3], lena n-áirítear na Pleananna Gníomhaíochta ábhartha.

Cur Chuige AE i leith na hAthléimneachta

5. Aithnítear le cur chuige i leith na hathléimneachta nach mór aghaidh a thabhairt ar bhunúdair na ngéarchéimeanna, go háirithe na géarchéimeanna a tharlaíonn arís agus arís eile, ar an mbochtaineacht ainsealach agus ar leochaileacht agus dearcadh fadtéarmach a ghlacadh a bheidh leabaithe go daingean sna beartais áitiúla agus náisiúnta agus a bheidh nasctha le gníomh comhlántach ar an leibhéal réigiúnach. Cuimsítear sa chur chuige roinnt comhpháirteanna lárnacha lena n-áirítear: an gá atá ann géarchéimeanna a réamh-mheas trí mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí; béim níos mór a chur ar laghdú riosca, ar chosc, ar mhaolú agus ar ullmhacht; agus iarrachtaí breise chun feabhas a chur ar fhreagairt mhear agus ar théarnamh ó ghéarchéimeanna.

---

[2] Tionchar Bheartas Forbartha AE a Mhéadú:Clár Oibre le haghaidh Athraithe - Teachtaireacht ón gCoimisiún COM (2011) 637 final (15560/11), Conclúidí ón gComhairle (9369/12).

[3] Áirítear ar na doiciméid ábhartha an Chomhthoil Eorpach um Fhorbairt (2006/c 46/01) agus an Chomhthoil Eorpach um Chúnamh Daonnúil (2008/C 25/01); Conclúidí ón gComhairle maidir le Rio+20: Toradh agus bearta leantacha Chruinniú Mullaigh UNCSD 2012 (15477/12), Cúnamh Daonnúil Bia (9654/10, Athrú Aeráide agus Forbairt (1607/09) agus Taidhleoireacht AE i dtaobh na hAeráide(12970/11), an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 13/2012: "Cúnamh Forbartha ón Aontas Eorpach do Sholáthar Uisce Óil agus Sláintíocht Bhunúsach i dTíortha Fo-Shaháracha" (17288/12), Cosaint Shóisialta i gComhar um Fhorbairt an Aontais Eorpaigh (14538/12), Straitéis AE maidir le tacú le Laghdú Rioscaí Tubaiste i dtíortha i mbéal forbartha (9920/09), Fóirithint, Athshlánú agus Forbairt a Nascadh (9989/01), Freagairt AE ar staideanna leochaileachta (15118/07), Fréamhacha an Daonlathais agus an fhorbartha inbhuanaithe: Rannpháirtíocht na hEorpa leis an tSochaí Shibhialta i gcaidrimh sheachtracha (5873/13), Teachtaireacht maidir le hÚdaráis Áitiúla i dtíortha comhpháirtíochta a chumhachtú don rialachas feabhsaithe agus do thorthaí níos éifeachtaí san fhorbairt (9806/13), tacaíocht ó AE i ndáil le hathrú inbhuanaithe sna sochaithe atá i mbun athraithe (5873/13); agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún lena bhFeabhsaítear Cothú Máthartha agus Leanaí i gCúnamh Seachtrach: Creat Beartais de chuid AE (7521/13).

6. Dírítear le cur chuige an AE i leith na hathléimneachta ar aghaidh a thabhairt ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine araon, lena n-áirítear tubaistí a tharlaíonn go mall nó go tobann, cásanna éigeandála ar mhórscála agus strus agus suaitheadh atá áitiúil ach a tharlaíonn go minic, chomh maith le géarchéimeanna i Stáit leochaileacha nó ina bhfuil coinbhleachtaí. Aithnítear leis freisin go n-éilítear leis na comhthéacsanna éagsúla sin cur chuige difreálaithe agus spriocdhírithe.

7. In éineacht lena tíortha comhpháirtíochta, chuir AE go mór cheana féin leis na hiarrachtaí chun athléimneacht daonraí leochaileacha a chothú, go háirithe trí SHARE (Tacú leis an Teacht Aniar i gCorn na hAfraice) chomh maith leis na hiarrachtaí tosaigh atá ag teacht chun cinn as AGIR (Comhghuaillíocht Dhomhanda do Thionscnamh na hAthléimneachta) sa tSaiheil. I gcomhar leis an taithí a fuarthas i réigiúin eile, lena n-áirítear i ngéarchéimeanna a bhaineann le coinbhleachtaí, féadfar na tionscnaimh agus na tograí rathúla sin faoi riosca tubaiste a laghdú a úsáid mar shamplaí chun ceachtanna a fhoghlaim, chun macasamhlú a dhéanamh agus chun dea-chleachtas a ardú ar fud tíortha eile agus réigiún eile.

8. Bunaithe ar an taithí atá faighte go dtí seo, measann an Chomhairle gur cheart cur chuige AE i leith na hathléimneachta i dtíortha comhpháirtíochta a threorú leis na prionsabail lárnacha a leanas:

   a. A aithint go bhfuil sé d'fhreagracht ar an rialtas náisiúnta go príomha athléimneacht a chothú agus na tosaíochtaí polaitiúla, eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a shainiú dá réir;

   b. Anailís chomhthéacs shonrach a fhorbairt ar bhonn comhpháirteach agus leanúnach, bunaithe ar thuiscint chomhpháirteach idir na gníomhaithe daonnúla agus forbartha agus idir AE agus a Bhallstáit. Ba cheart go n-áireofaí leis sin tuiscint chomhchoiteann ar an tsainiúlacht a bhaineann le comhthéacsanna polaitiúla agus beartais agus feasacht ar na rioscaí agus na leochaileachtaí faoi leith, lena gcumasaítear sainmhíniú comhpháirteach ar thosaíochtaí straitéiseacha agus cláreagrú forbartha comhordaithe ilearnála;

c. Dearcadh meántéarmach go fadtéarmach a ghlacadh agus gníomh daonnúil agus cláreagrú forbartha á mbeartú lena n-aithnítear go bhfuil róil ríthábhachtacha ag laghdú riosca, cosc, maolú agus ullmhacht, agus athléimneacht á cothú, agus nach mór díriú le forbairt inbhuanaithe go fírínneach ar na rioscaí iarbhír atá os comhair na gcomhphobal áitiúil agus dul i ngleic leo ar bhunúdair na ngéarchéimeanna a bhíonn ann go minic chun nach dtarlóidh siad arís;

d. Aitheantas a thabhairt don ghá atá ann an clár oibre sin a chur i bhfeidhm i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe forbartha déthaobhacha eile agus leis na gníomhaithe iltaobhacha, go suntasach córas na Náisiún Aontaithe nuair a chuirtear san áireamh an ról lárnach comhordúcháin atá ag an gcomhlacht sin agus freagairt chomhleanúnach idirnáisiúnta ar ghéarchéimeanna daonnúla á cur chun cinn;

e. Bealaí cur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de a shaothrú trasna idirphlé agus caidreamh daonnúil, forbartha agus polaitiúil, go háirithe nuair a bheifí ag obair chun feabhas a chur ar athléimneacht i Stáit atá leochaileach nó lena mbaineann coinbhleacht, agus bunúdair níos leithne na neamhdhiongbháilteachta ainsealaí agus tionchar na bhfachtóirí sin ar leochaileachtaí daonraí á gcur san áireamh.

f. Aitheantas a thabhairt do na róil chomhlántacha atá ag comhar don fhorbairt, gníomh daonnúil agus idirphlé agus caidreamh polaitiúil mar chodanna ríthábhachtacha le hathléimneacht a chothú agus a áirithiú go mbeidh na hiarrachtaí lena nasctar fóirithint, athshlánú agus forbairt mar chuid dhílis de ghníomhaíochtaí den chineál sin;

g. Infheistiú a dhéanamh chun na hacmhainní a neartú sna hearnálacha ábhartha uile agus a áirithiú go mbeidh anailís agus réitigh fréamhaithe in úinéireacht áitiúil agus sa taithí atá ag na comhphobail, na tíortha agus na réigiúin lena mbaineann. Béim a chur ar a thábhachtaí atá sé obair i ndlúthchomhar leis na comhphobail áitiúla, leis an tsochaí shibhialta, leis na húdaráis áitiúla, le hinstitiúidí taighde agus leis an earnáil phríobháideach agus freagairtí beartais á gceapadh agus á gcur chun feidhme, agus an comhar lena dtógtar stáit agus an comhar idirnáisiúnta a choimeád mar ghnéithe lárnacha den chreat athléimneach. Is cuid lárnach den chur chuige seo forbairt a dhéanamh ar acmhainní na n-eagraíochtaí réigiúnacha le hathléimneacht a chothú, amhail an gá atá ann ceachtanna a fhoghlaim agus taithí a roinnt laistigh de AE féin;

h. Tiomantas AE a athdhearbhú maidir le hathléimneacht fhadtéarmach a chothú i dtíortha comhpháirtíochta tríd an bhfás eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach agus inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt dhaonna, d'fhonn cabhrú le grúpaí leochaileacha sa phobal agus leo siúd is mó atá i mbaol chun páirt a ghlacadh i gcruthú rachmais agus fostaíochta agus chun tairbhe a bhaint as sin;

i. Cur chuige inscne-íogair agus leanaí-íogair a áirithiú lena n-aithneofar na cearta sonracha, na riachtanais shonracha agus na cumais shonracha atá ag na mná, ag cailíní, buachaillí agus ag na fir agus na straitéisí sonracha atá acu chun déileáil le deacrachtaí. Ról ríthábhachtach na mban maidir le hathléimneacht a chothú i dteaghlaigh, i bpobail agus i dtíortha a bhfuil thíos le géarchéimeanna a aithint, agus aird á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí chun cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn mar aon le rochtain na mban ar acmhainní agus ar sheirbhísí agus smacht na mban orthu, lena n-áirítear an tsláinte ghnéis agus atáirgthe agus na cearta a ghabhann leis sin mar a leagtar amach i gClár Oibre Chomhdháil Idirnáisiúnta Chaireo maidir le Daonra agus Forbairt iad agus an gá atá ann le foréigean ar bhonn inscne a chomhrac;

j. Laistigh de na réigiúin agus de na tíortha is mó atá i mbaol, béim a leagan ar na teaghlaigh is leochailí agus ar na grúpaí is imeallaithe trí chur chuige cuimsitheach a bheidh bunaithe ar chearta lena gcuirfear riachtanais na ngrúpaí sin san áireamh agus lena n-éascófar a rochtain ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha, agus béim ar leith á leagan ar riachtanais chothaithe, ar shláinte agus ar oideachais leanaí;

k. Tacú le réitigh fhadtréimhseacha le haghaidh daoine easáitithe ina dtíortha féin agus pobal dídeanaithe, agus an gá atá ann chun cur le hathléimneacht na ngrúpaí leochaileacha sin agus na bpobal óstach sin á aithint;

l. Cuntasacht, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chreataí faireacháin agus meastóireachta atá láidir agus uirlisí tomhais a bhaineann leo sin a fhorbairt. Ba cheart cur chuige i leith na hathléimneachta a mheasúnú ó thaobh feabhsúcháin intomhaiste de ar gach leibhéal ag tosú ar leibhéal an phobail. Chun an méid sin a bhaint amach, éilítear infheistíocht i bhforbairt bealaí cur chuige bainistíochta a bheidh torthaí-bhunaithe agus a mbeidh sonraí bonnlíne láidre ag gabháil leo. Tá sé ábhartha freisin an dul chun cinn idirmheánach a dhéantar d'fhonn na torthaí sin a sheachadadh a thomhas, go háirithe i gcásanna leochaileacha.

9. Cuireann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann le dearcadh iomlánaíoch agus le cur chuige cuimsitheach agus comhleanúnach a ghlacadh, go háirithe i Stáit atá leochaileach nó atá thíos le coinbhleachtaí fad is a chosnófar prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais ag an am céanna. Agus é ag baint tairbhe as beartais atá ann cheana féin, lena n-áirítear *An Clár Oibre le haghaidh Athrú,* ba cheart d'AE úsáid iomlán agus éifeachtach a bhaint as uirlisí agus as ionstraimí atá ar fáil d'fhonn athléimneacht a chothú.

Tosaíochtaí cur chun feidhme

10. Chun go n-áiritheofar go gcuirfear tús pras dírithe leis an gcur chun feidhme, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas mar thosaíochtaí:

    a. Tacaíonn an Chomhairle leis an gcur chuige a mholtar sa Teachtaireacht maidir le hathléimneacht a chothú ar feadh thimthriall na comhphleanála agus an bhainistithe tionscadail, go háirithe sna príomhthíortha tubaiste agus coinbhleachta. Ba cheart go dtacófaí leis an gcur chuige comhtháite seo a chur chun feidhme leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Athléimneachta a bheartaítear sa Teachtaireacht, agus ba cheart go mbeadh tosaíochtaí geografacha agus téamacha agus spriocanna geografacha agus téamacha ann atá soiléir i ndáil leis an gcur chun feidhme. Spreagann an Chomhairle na Ballstáit a machnamh a dhéanamh faoi thacaíocht do na tosaíochtaí mar a leagtar amach iad sa Phlean Gníomhaíochta;

    b. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhpháirteach a bheidh solúbtha agus il-earnálach agus cláir á ndearadh, ar cur chuige é lena mbeidh athléimneacht ó thubaistí fite fuaite leis an bpleanáil. I dtíortha ina dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna arís is arís eile, beidh AE agus a Bhallstáit ag obair i gcomhar le rialtais chomhpháirtíochta, le deontóirí eile, le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear pobail áitiúla agus údaráis áitiúla, eagraíochtaí áitiúla agus idirnáisiúnta na sochaí sibhialta chun an úinéireacht náisiúnta agus áitiúil a neartú agus chun cláir oibre atá ann cheana féin a fhorbairt agus chun tacú leo d'fhonn anailís chomhpháirteach agus gníomhaíocht chomhpháirteach a chumasú;

c. Tugann an Chomhairle faoi deara go mba cheart go dtabharfaí eolas tríd an anailís sin faoin mbealach chun straitéisí AE a bheidh comhleanúnach a fhorbairt, chun faisnéis a mhalartú go tráthúil agus chun gníomhaíochtaí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a chomhordú go héifeachtach d'fhonn cothú athléimneachta a neartú. Faoi chuimsiú an méid sin, comhlánóidh AE an treoir uaidh maidir leis an mbealach chun idirghabhálacha daonnúla agus forbraíochta a nascadh ar leibhéal na tíre agus déanfaidh sé an méid sin a oibríochtú trí cheanncheathrúna agus trí struchtúir ar an láthair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le deontóirí eile;

d. Le haghaidh tíortha ina dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna arís is arís eile, gníomhóidh AE agus na Ballstáit chun maoiniú daonnúil agus maoiniú forbraíochta a chur ar fáil ar bhealach a bheidh níos tráthúla, níos intuartha, níos solúbtha agus ilbhliantúla, agus níos dóthanaí. Sa chomhthéacs sin, scrúdóidh AE agus a Bhallstáit bealaí ar a bhféadfar feabhas a chur ar an gcaoi ina ndéantar rialacha mionsonraithe maidir le maoiniú daonnúil agus le maoiniú forbraíochta a chomhordú. Spreagfar comhpháirtithe chun sásraí airgeadais nuálacha a úsáid freisin;

e. Cuirfidh AE agus a Bhallstáit bealaí cur chuige nua agus nuálacha chun cinn, lena n-áirítear sásraí cosanta sóisialta a fhorbairt amhail bearta sábháilteachta sóisialta agus obair fheabhsaithe i réimse an bhainistithe riosca a bhaineann le réimse an árachais agus le réimse an athárachais;

f. Admhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le cuidiú le tíortha agus le réigiúin leochaileacha, ar príomhthíortha agus príomhréigiúin tubaiste iad, chun córais éifeachtacha faisnéise réamhrabhaidh agus chun straitéisí laghdaithe riosca a fhorbairt, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí agus trí chláir oibre nua-aimseartha a chur chun cinn;

g. Cuirfidh AE agus a Bhallstáit idirphlé maidir le hathléimneacht chun cinn sna comhpháirtíochtaí le tríú tíortha agus i bhfóraim agus i bpróisis idirnáisiúnta, amhail NA, G8, G20, Coinbhinsiúin Rio, an Coiste um Shábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS), an Clár Oibre Domhanda maidir le Laghdú Rioscaí Tubaiste, an tIdirphlé Idirnáisiúnta ar Chothú na Síochána agus ar Chothú Stáit agus próisis eile a bhaineann leis an Margadh Nua a chur chun feidhme maidir le rannpháirtíocht i stáit leochaileacha, clár oibre iar-2015 a fhorbairt, lena n-áirítear na Spriocanna a bhaineann le Forbairt Inbhuanaithe agus a mhéid a leanann ó Chreat Gníomhaíochta Hyogo don tréimhse 2005-2015.

11. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) dul i dteagmháil leis an Ballstáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca leis an gclár oibre d'athléimneacht ar bhonn rialta, agus súil á coimeád go háirithe ar an mbeartas, ar an gcomhphleanáil, ar ghluaiseacht agus ar úsáid maoinithe, ar rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme agus ar thorthaí. Ba cheart go n-eagrófaí athbhreithniú chun dul chun cinn a mheasúnú agus chun an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Athléimneachta a oiriúnú i gcás inar gá.

12. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an gcéad athbhreithniú ar dhul chun cinn i rith 2014.